Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8355/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0125 (COD)**

**FIN 458**
**CODEC 526**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 184 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 184 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 184 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2022
COM(2022) 184 final

2022/0125 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leis an Rialachán Airgeadais[1], leagtar síos na prionsabail agus na rialacha ginearálta airgeadais maidir le buiséad an Aontais a bhunú agus a chur chun feidhme agus maidir le hairgeadas an Aontais a rialú.

I gcás ina bhforchuirfidh an Coimisiún fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna ach ina gcuirfear i gcoinne na fíneála, an phionóis eile nó an smachtbhanna os comhair chúirteanna an Aontais, féadfaidh a seolaithe an fhíneáil a íoc go sealadach nó ráthaíocht bainc a sholáthar lena gcumhdófar méid na fíneála agus an t-ús is infheidhme maidir le híocaíocht iarchurtha, go dtí go dtabharfar an breithiúnas críochnaitheach. I gcás íocaíocht shealadach, cuirfidh an páirtí lena mbaineann an méid do shochar cuntais bhainc de chuid an Choimisiúin. Ó bhí 2009 ann, taisctear na fíneálacha a íoctar go sealadach leis an gCoimisiún i gciste tiomnaithe (BUFI) atá le hinfheistiú go díreach nó go hindíreach i mbannaí rialtais atá an-urraithe chun a luach a chaomhnú i gcás inar cheart na méideanna sin a thabhairt ar ais don pháirtí lena mbaineann toisc go ndearna cúirteanna an Aontais an fhíneáil a chealú nó a laghdú.

Sa rialú uaithi an 20 Eanáir 2021 i gcás C-301/19 P, *an Coimisiún* v *Printeos*, agus an Chúirt ag gníomhú de bhun na hoibleagáide faoi Airteagal 266(1) CFAE maidir leis na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh lena laghdaítear nó lena neamhnítear fíneáil iomaíochta arna híoc go sealadach ag gnóthas, chinn sí go bhfuil sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún ús mainneachtana a íoc as an bhfíneáil a aisíocadh go déanach ón dáta a d’íoc an gnóthas an fhíneáil go sealadach go dtí dáta na haisíocaíochta.

I gcomhthéacs a achomhairc i gcás C-221/22 P, *an Coimisiún* v *Deutsche Telekom*, d’iarr an Coimisiún ar an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar a breithiúnas in *Printeos* d’fhonn soiléiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún i gcás ina laghdófar nó ina neamhneofar fíneáil a íocadh go sealadach chun cúiteamh leordhóthanach a thabhairt do sheolaí fíneála as neamh-infhaighteacht na fíneála a íocadh le linn na tréimhse ina raibh sí faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

Mar sin féin, a fhad nár sholáthair an Chúirt Bhreithiúnais na soiléirithe a iarradh, tá ar an gCoimisiún dul i ngleic le héilimh úis gan fasach atá i bhfad níos mó ná an t-ús a thuilltear ar na méideanna a íocadh go sealadach, agus ní mór teacht ar réiteach iomchuí i mbuiséad an Aontais ina leith. Gan dochar do thoradh an achomhairc i gcás C-221/22 P, tá sé práinneach, dá bhrí sin, bearta reachtacha a mholadh chun leibhéal iomchuí cúitimh a áirithiú i gcás ina n-aisíocfar fíneáil a íocadh go sealadach agus chun a áirithiú go mbeidh buiséad an Aontais in ann na riachtanais airgeadais a eascróidh as sin a chomhlíonadh. Chuige sin, tá gá le roinnt leasuithe spriocdhírithe ar Airteagal 48(2), Airteagal 99(4), Airteagal 107(2) agus Airteagal 108(1), (2) agus (4)

De bhun phrionsabal ginearálta *restitutio in integrum* is infheidhme maidir le haisíoc fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a fhorchuireann institiúidí an Aontais agus a íoctar

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.)

go sealadach, agus a gcealaíonn nó a laghdaíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin iad, ba cheart a shoiléiriú nár cheart toradh diúltach ar mhéid na bhfíneálacha, na bpionós eile nó na smachtbhannaí sin a bailíodh go sealadach a asbhaint den mhéid atá le haisíoc.

Chun an laghdú ar an airgead atá ag an ngnóthas a chúiteamh ón dáta a d'íoc sé an fhíneáil go sealadach leis an gCoimisiún go dtí dáta na haisíocaíochta, moltar gur cheart an méid a aisíoctar a mhéadú le hús ar an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis mar chúiteamh leordhóthanach le haghaidh an ghnóthais i gcásanna den sórt sin, lena n-eisiatar an gá atá le ráta úis eile a chur i bhfeidhm maidir leis an méid sin. Comhfhreagraíonn an ráta sin don ráta úis is infheidhme i ndáil leis an bhféichiúnaí i gcás ina roghnaíonn an féichiúnaí íocaíocht fíneála, pionós eile nó smachtbhanna a chur siar, agus foráiltear leis ráthaíocht airgeadais seachas íocaíocht.

De mhaolú ar an riail ghinearálta nach mbeidh ioncam diúltach sa bhuiséad, ba cheart a shonrú gur cheart an t-ús thuasluaite agus aon mhuirear eile atá dlite ar fhíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a cealaíodh nó a laghdaíodh, lena n-áirítear aon toradh diúltach a bhaineann leis na méideanna sin, a mheas mar ioncam diúltach i mbuiséad an Aontais, chun éifeacht mhíchuí ar thaobh an chaiteachais de bhuiséad an Aontais a sheachaint.

Chun an brú iomarcach ar thaobh an chaiteachais de bhuiséad an Aontais a leigheas a luaithe is féidir, cuirtear an togra seo i láthair ar leithligh ón athbhreithniú a dhéanfar ar an Rialachán Airgeadais amach anseo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach leis na rialacha ginearálta airgeadais atá ann faoi láthair agus tá sé d'aidhm aige brú iomarcach ar bhuiséad an Aontais a eascraíonn as cásdlí *Printeos* a sheachaint.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 322(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann glacadh rialacha ginearálta airgeadais an Aontais le hinniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá sé d'aidhm ag an togra seo cúiteamh leordhóthanach a áirithiú i gcás ina n-aisíocfar fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a íocadh go sealadach agus a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann na hoibleagáidí airgeadais a eascróidh as sin a chomhlíonadh. Níl rialacha sa togra nach mbeadh gá leo chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níor reáchtáladh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara maidir leis an leasú teoranta seo.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis an ráiteas ón gCoimisiún maidir le hathbhreithnithe a dhéanfar ar an Rialachán Airgeadais[2] amach anseo, níl gá le measúnú tionchair. Soláthraítear leis an Rialachán Airgeadais na rialacha ginearálta agus an bosca uirlisí chun na cláir chaiteachais a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, níl aon tionchar díreach eacnamaíoch, comhshaoil ná sóisialta a thagann as athbhreithnithe ar an reachtaíocht, a bhféadfaí anailís a dhéanamh orthu go héifeachtach i measúnú tionchair. Bíonn breisluach leis na measúnuithe tionchair nuair a dhéantar roghanna beartais maidir le cláir chaiteachais shonracha nach mór a bheith i gcomhréir leis an gcreat rialála atá le fáil sa Rialachán Airgeadais. Ina ionad sin, rinneadh meastóireacht *ex ante* ar an togra seo, go háirithe chun an bealach is iomchuí a shainaithint chun an cásdlí is déanaí a léiriú a mhéid a bhaineann leis na cuideachtaí lena mbaineann agus i dtéarmaí láimhseáil bhuiséadach na méideanna comhfhreagracha freisin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Cé nach dtagann an leasú seo ar an Rialachán Airgeadais faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), cuireann sé leis an gclár oibre maidir le rialáil níos fearr. Freagraíonn an togra seo don ghá atá le féachaint arís ar na forálacha maidir le hús mainneachtana agus cúiteach, agus maidir le hioncam diúltach, i gcomhréir leis an gcásdlí a bhí ann le déanaí. Tá an cur chuige atá beartaithe go hiomlán i gcomhréir leis an gcreat le haghaidh creat rialacháin níos fearr agus iarrachtaí simplithe.

- **Cearta bunúsacha**

Comhlíonann an togra Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

Mar a léirítear faoi roinn 4, níl impleachtaí ag an togra féin ar bhuiséad an Aontais. Soiléirítear leis an togra na huirlisí buiséadacha agus na nósanna imeachta buiséadacha chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena laghdaítear nó lena gcealaítear fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a fhorchuir institiúid de chuid an Aontais ar dtús. Ní fhéadfaidh ach breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na hoibleagáidí íocaíochta i leith tríú páirtithe a spreagadh.

**Airteagal 48(2) maidir le hioncam diúltach**: chun láimhseáil bhuiséadach iomchuí a áirithiú agus chun brú airgeadais míchuí ar thaobh an chaiteachais de bhuiséad an Aontais a sheachaint, ba cheart foráil a dhéanamh go n-asbhainfear de thaobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais (ioncam diúltach) ús, agus aon chúiteamh a bheidh dlite i gcás ina gcealófar fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna nó i gcás ina laghdófar an méid, lena n-áirítear aon toradh diúltach a bhaineann le fíneálacha den sórt sin. Is éard a bheadh ann maolú teoranta a mbeadh údar cuí leis ar an riail ghinearálta faoi Airteagal 48(1) nach mbeidh ioncam diúltach sa bhuiséad.

**Airteagal 99(4) maidir le hús mainneachtana:** an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis i gcás ina soláthraíonn féichiúnaí fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí ráthaíocht airgeadais a nglacann an t-oifigeach cuntasaíochta leis in ionad

[2] 2018/C 267 I/01.

íocaíochta, ba cheart a shoiléiriú go n-eisiatar ón bhforáil seo é toisc nach mbaineann sé le hús mainneachtana. Ba cheart an tagairt don ráta sin a aistriú go hAirteagal 108(1).

**Airteagal 107(2) maidir le cuimsiú i mbuiséad an Aontais:** Chun sreabhadh airgid leordhóthanach a áirithiú chun tríú páirtithe a chúiteamh as an laghdú ar an airgead atá acu, ba cheart a shonrú go bhféadfar na méideanna a gheofar trí fhíneálacha, trí phionóis eile nó trí smachtbhannaí agus aon ús fabhraithe nó aon ioncam eile a ghinfidh siad a iontráil sa bhuiséad faoi dheireadh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin.

**Airteagal 108(1), (2) agus (4) maidir le fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí arna bhforchur ag institiúidí an Aontais a ghnóthú:**

Mar a mhínítear thuas, i gcás ráthaíocht airgeadais, an ráta úis a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis mar a léirítear faoi láthair in Airteagal 99(4)(a), ba cheart é a chur in ionad na tagartha d’Airteagal 99(4) sa chéad mhír.

In Airteagal 108(2), ba cheart tagairt do bhainistíocht fhónta airgeadais a chur in ionad na tagartha do dhíriú ar bhrabúis dhearfacha. Agus é á chur san áireamh go bhféadfadh toradh diúltach ar infheistíochtaí a bheith ann, níor cheart toradh dearfach ionchasach a bheith d’aidhm ag an gCoimisiún, más rud é go gcaithfear leibhéal ró-ard riosca infheistíochta a ghlacadh. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart a shonrú gur cheart don Choimisiún tús áite a thabhairt don aidhm maidir le slándáil agus leachtacht an airgid agus infheistíocht á déanamh acu i sócmhainní airgeadais.

De bhun phrionsabal ginearálta *restitutio in integrum* is infheidhme maidir le haisíoc fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a íoctar go sealadach nuair a neamhníonn nó nuair a laghdaíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin iad, ba cheart a shoiléiriú nár cheart toradh diúltach ar mhéid na bhfíneálacha, na bpionós eile nó na smachtbhannaí a bailíodh go sealadach a asbhaint den mhéid atá le haisíoc. Dá bhrí sin, ba cheart an dara fomhír d’Airteagal 108(4) a scriosadh. Chun an laghdú ar an airgead a chúiteamh, ba cheart an méid a aisíoctar a mhéadú le hús ar an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis, de réir analaí leis an ráta úis atá ag féichiúnaí i gcás ina gcuirtear siar íocaíocht fíneála, pionóis eile nó smachtbhanna atá cumhdaithe ag ráthaíocht airgeadais.

2022/0125 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa bhreithiúnas uaithi an 20 Eanáir 2021 i gcás C-301/19 P[3], *an Coimisiún* v *Printeos*, ar bhonn na hoibleagáide maidir leis na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh lena laghdaítear nó lena neamhnítear fíneáil iomaíochta arna híoc go sealadach ag gnóthas faoi Airteagal 266(1) CFAE, chinn an Chúirt go raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún ús mainneachtana a íoc as an bhfíneáil a aisíocadh go déanach ón dáta a d'íoc an gnóthas an fhíneáil go sealadach leis an gCoimisiún go dtí dáta na haisíocaíochta.

(2) Mar thoradh ar an gcásdlí sin a bhí ann le déanaí, tá éilimh úis gan fasach ann, atá i bhfad níos mó ná an t-ús a thuilltear ar na méideanna a íocadh go sealadach, agus ní mór teacht ar réiteach iomchuí i mbuiséad an Aontais ina leith. Chun leibhéal iomchuí cúitimh a áirithiú i gcás ina n-aisíocfar fíneáil a íocadh go sealadach agus chun a áirithiú go mbeidh buiséad an Aontais in ann na riachtanais airgeadais a eascróidh as sin a chomhlíonadh, tá sé práinneach roinnt leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar an Rialachán Airgeadais.

(3) Go háirithe, is gá maolú a chur san áireamh ar an riail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], lena bhforáiltear nach mbeidh ioncam diúltach sa bhuiséad. Leis an

---

[1] Tuairim Uimh. XXX an XXX (IO C , , lch. ).

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an XXX agus Cinneadh ón gComhairle an XXX.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20 Eanáir 2021, an Coimisiún Eorpach v Printeos, SA, C-301/19 P, ECLI:EU:C:2021:39.

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE)

maolú sin, ba cheart go gceadófaí aon ús nó aon mhuirear eile atá dlite ar mhéideanna na bhfíneálacha, na bpionós eile nó na smachtbhannaí a cealaíodh nó a laghdaíodh, lena n-áirítear aon toradh diúltach a bhaineann leis na méideanna sin, a asbhaint d'ioncam bhuiséad ginearálta an Aontais.

(4) Chun an prionsabal ginearálta i dtaca le hathbhunú chuig an mbail a bhí ann roimhe sin (*restitutio in integrum*) is infheidhme maidir le fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a fhorchuireann institiúidí an Aontais agus a gcealaíonn nó a laghdaíonn an Chúirt Bhreithiúnais ina dhiaidh sin iad, is gá foráil a dhéanamh nach ndéanfar aon toradh diúltach ar mhéid na bhfíneálacha, na bpionós eile nó na smachtbhannaí arna mbailiú go sealadach ag institiúidí an Aontais a asbhaint den mhéid atá le haisíoc. Dá bhrí sin, is iomchuí an fhoráil ábhartha in Airteagal 108(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a scriosadh.

(5) Chun an laghdú ar an airgead atá ag an ngnóthas a chúiteamh ón dáta a d'íoc sé an fhíneáil go sealadach leis an gCoimisiún go dtí dáta na haisíocaíochta, ba cheart an méid a aisíoctar a mhéadú le hús ar an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis mar chúiteamh leordhóthanach le haghaidh an ghnóthais i gcásanna den sórt sin, lena n-eisiatar an gá atá le ráta úis eile a chur i bhfeidhm maidir leis an méid sin. Thairis sin, comhfhreagraíonn an ráta sin don ráta úis is infheidhme i ndáil leis an bhféichiúnaí i gcás ina roghnaíonn an féichiúnaí íocaíocht fíneála, pionós eile nó smachtbhanna a chur siar, agus foráiltear leis ráthaíocht airgeadais seachas íocaíocht. Is iomchuí freisin a shoiléiriú nach ús mainneachtana ar íocaíocht dhéanach é an ráta úis is infheidhme maidir leis an bhféichiúnaí i gcás ina roghnaíonn an féichiúnaí íocaíocht na fíneála, an phionóis eile nó an smachtbhanna a chur siar, agus i gcás ina soláthraíonn siad ráthaíocht airgeadais seachas íocaíocht, trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 99(4) agus Airteagal 108(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

(6) Chun sreabhadh airgid leordhóthanach a áirithiú chun na tríú páirtithe lena mbaineann a chúiteamh as an laghdú ar an airgead atá acu dá dtagraítear in Airteagal 108(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, is gá foráil a dhéanamh maidir leis na méideanna a gheofar trí fhíneálacha, trí phionóis eile nó trí smachtbhannaí agus aon ús fabhraithe nó aon ioncam eile a ghinfidh siad a iontráil sa bhuiséad faoi dheireadh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin.

(7) Agus é á chur san áireamh go bhféadfadh toradh diúltach ar infheistíochtaí a bheith ann, níor cheart toradh dearfach ionchasach a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún, más rud é go gcaithfear leibhéal díréireach ard riosca infheistíochta a ghlacadh. Ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní airgeadais, agus tús áite á thabhairt don aidhm maidir le slándáil agus leachtacht na méideanna a íocadh go sealadach mar fhíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

(8) Mar gheall ar an ngéarghá atá ann aghaidh a thabhairt ar thionchar buiséadach an chásdlí is déanaí, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a leasú dá réir sin,

---

Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ní bheidh ioncam diúltach sa bhuiséad.’;

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1, asbhainfear an méid seo a leanas d’ioncam an bhuiséid:

(a) iomlán na n-aisíocaíochtaí diúltacha taiscí;

(b) i gcás ina ndéanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh méideanna na bhfíneálacha, na bpionós eile nó na smachtbhannaí faoi CFAE nó faoi Chonradh Euratom dá dtagraítear in Airteagal 108(1) a chealú nó a laghdú, aon ús nó aon mhuirear eile atá dlite do na páirtithe lena mbaineann, lena n-áirítear aon toradh diúltach a bhaineann leis na méideanna sin.’.

(2) in Airteagal 99(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘I gcás fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí, is é an ráta úis a bheidh ann le haghaidh méideanna is infhaighte nach mbeidh íoctha nó nach mbeidh cumhdaithe ag ráthaíocht airgeadais is inghlactha ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa chinneadh ó institiúid de chuid an Aontais lena bhforchuirtear fíneáil, pionóis eile nó smachtbhanna, is é a bheidh ann an ráta úis a mbeidh an Banc Ceannas Eorpach á chur i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí sin, ó dháta íoctha an mhéid sin agus trí phointe céatadáin go leith curtha leis.’;

(3) in Airteagal 107(2), cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

‘Chun Airteagal 48(1a), pointe (b) a chur i bhfeidhm, féadfar na méideanna is gá dá dtagraítear i mír 1 a iontráil sa bhuiséad faoi dheireadh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin.’;

(4) Leasaítear Airteagal 108 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. I gcás ina dtabharfar caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne cinneadh ó institiúid de chuid an Aontais lenar forchuireadh fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna faoi CFAE nó faoi Chonradh Euratom agus go dtí go mbeidh na leigheasanna dlíthiúla uile ídithe, déanfaidh an féichiúnaí na méideanna lena mbaineann a íoc go sealadach isteach sa chuntas bainc a d’ainmnigh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin nó ráthaíocht airgeadais a thabhairt a bheidh inghlactha ag oifig cuntasaíochta an Choimisiúin. Beidh an ráthaíocht sin neamhspleách ar an oibleagáid fíneáil, pionóis eile nó smachtbhanna a íoc agus beidh sí in-fhorfheidhmithe nuair a iarrfar é. Cumhdófar léi an t-éileamh i leith na príomhshuime agus an úis a íocfaidh an féichiúnaí sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 ar an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den

mhí ina nglacfar an cinneadh lena bhforchuirfear fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna, agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis, ón dáta a leagtar síos sa chinneadh ó institiúid an Aontais lena bhforchuirtear fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna.;

2. Féadfaidh an Coimisiún na méideanna a bailíodh go sealadach a infheistiú i sócmhainní airgeadais, agus tús áite á thabhairt don aidhm maidir le slándáil agus leachtacht an airgid sin i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.';

(b) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'4. Nuair a bheidh na leigheasanna dlíthiúla uile ídithe agus i gcás inar cealaíodh an fhíneáil, an pionós eile nó an smachtbhanna, nó inar laghdaíodh an méid, déanfar ceann de na bearta seo a leanas:

(a) aisíocfar na méideanna a bailíodh go sealadach nó, i gcás laghdú, an chuid ábhartha den tsuim sin, leis an tríú páirtí lena mbaineann;

(b) i gcás inar taisceadh ráthaíocht airgeadais, scaoilfear í dá réir.

Déanfar an méid nó an chuid ábhartha de dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a mhéadú le hús ar an ráta a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina nglactar an cinneadh lena bhforchuirtear fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna, agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis.'

(ii) scriostar an dara fomhír.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |